LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*: Treoir d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe

Arna hAthbhreithniú i mí Feabhra 2019

# Clár Ábhar

*An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*: Treoir d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ....... 1

1) Réamhrá....... 4

2) Cuspóirí an Achta ....... 4

3) An Ról Lárnach a bhíonn ag an mBrústocaireacht i dTír Dhaonlathach Rathúil ....... 4

4) Cé na cumarsáidí a chumhdaítear leis an Acht? ....... 5

a) Cé a thagann faoi raon feidhme an Achta? ....... 6

b) Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe? ....... 6

c) Cad is "ní iomchuí" ann? ....... 7

d) Cé na cumarsáidí "eiscthe" (díolmhaithe)? ....... 9

5) "Comhlachtaí Iomchuí" agus an Cód Trédhearcachta....... 11

a) An Cód Trédhearcachta ....... 12

b) Tráthúlacht an Fhoilsithe ....... 13

c) Bearta atá le cur san áireamh i dtaca leis an gCód Trédhearcachta....... 13

d) Stór nó liosta lárnach de "comhlachtaí iomchuí" ....... 14

6) Mionsonraí na nOifigeach Poiblí Ainmnithe a Fhoilsiú ....... 14

7) An leagan amach molta le haghaidh mionsonraí maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe agus "comhlachtaí iomchuí" a fhoilsiú. ....... 14

8) Tréimhse Mharana ....... 15

9) Iar-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó Oifigigh Phoiblí Ainmnithe Reatha atá Fostaithe ag Brústocaire nó atá ag cur Seirbhísí ar fáil do Bhrústocaire ....... 16

10) Cód Iompair do Dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta....... 17

11) Conas is féidir le comhlachtaí poiblí agus le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe cabhrú le Cur Chun Feidhme an Achta ....... 17

a) Eolas a chur ar cheanglais an Achta....... 17

b) Oscailteacht agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe á nAithint ....... 18

c) Dea-choimeád taifead....... 18

d) Cruinneas an Chláir a Sheiceáil ....... 18

12) Achoimre ....... 19

a) Eochairphointí le cuimhneamh orthu ....... 19

b) Dea-Chleachtais d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ....... 19

13) Tuilleadh Faisnéise....................................................................................................................20

## 1) Réamhrá

Síníodh an *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015,* (uimh. 5 de 2015) (an tAcht) isteach sa dlí i mí an Mhárta 2015. Tháinig Codanna 1, 2, 3 agus 5 den Acht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Tháinig Cuid 4 den Acht (Forálacha forfheidhmithe) i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Dréachtaíodh na treoirlínte seo chun a chinntiú go dtuigeann comhlachtaí poiblí agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe an dóigh a n-oibríonn an córas, an ról a bhíonn acu ann agus an dóigh ar féidir leo tacú le cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta. Níl Oifigigh Phoiblí Ainmnithe faoi réir rialacha maidir le brústocaireacht a chlárú agus tuairisc a thabhairt uirthi. Agus brústocaireacht á déanamh ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe, áfach, ní mór do na brústocairí tuairisc a thabhairt ar a gcuid idirghníomhaíochtaí de réir an Achta. Tá breac-chuntas tugtha i Rannán 4(b) de na treoirlínte seo ar cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe.

## 2) Cuspóirí an Achta

Is é aidhm an Achta faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi na nithe seo:

- Cé atá ag déanamh brústocaireachta;
- Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air;
- Cé ar a s(h)on a bhfuil brústocaireacht á déanamh;
- Cé na saincheisteanna atá i gceist sa bhrústocaireacht;
- Cad is aidhm don bhrústocaireacht a bhaint amach.

Foráiltear do na nithe seo leis an Acht:

- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) a bheith ar an rialálaí brústocaireachta;
- Clár brústocaireachta ar líne (an Clár) a bhfuil rochtain ag an bpobal air a bhunú agus a choimeád ar bun. (Tá an Clár ar fáil ag www.lobbying.ie);
- Daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta chun clárú agus faisnéis a sholáthar go rialta faoina ngníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear, i gcás brústocairí gairmiúla, faisnéis faoina gcliaint;
- Tréimhse "mharana" a thabhairt isteach nach bhféadfaidh roinnt iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe gníomhaíocht brústocaireachta a dhéanamh lena linn;
- Cionta agus Pionóis as sáruithe áirithe ar an Acht.

## 3) An Ról Lárnach a bhíonn ag an mBrústocaireacht i dTír Dhaonlathach Rathúil

Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht. Eagraíochtaí amhail grúpaí sainleasa, comhlachtaí ionadaíocha, eagraíochtaí tionscail, eagraíochtaí neamhrialtasacha, carthanais agus brústocairí gairmiúla tríú páirtí, cuireann siad go léir ionchur agus aiseolas riachtanach ar fáil trína gcuid tuairimí agus buarthaí a chur in iúl don rialtas.
Gné dhearfach riachtanach d'fhorbairt beartais is ea an caidreamh sin. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí leanúint ar aghaidh ag éascú agus ag spreagadh na gcumarsáidí sin go gníomhach a mhéid is féidir.
Tá sé mar chuspóir ag an Acht an próiseas um ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh a dhéanamh níos trédhearcaí, agus é ag tacú leis an gcaidreamh idir comhlachtaí poiblí agus a ngeallsealbhóirí ag an am céanna. Níl sé mar aidhm ag an Acht cosc ná bac a chur ar ghníomhaíocht brústocaireachta agus níor cheart do chomhlachtaí poiblí ná d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe an tAcht a úsáid mar chúis le diúltú do theagmháil a dhéanamh le daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Tá sé tábhachtach nach mbeidh agus nach measfar go mbeidh aon tionchar diúltach ann ar chaidreamh duine le comhlachtaí poiblí nó lena n-oifigigh más rud é go nglacann sé/sí páirt i ngníomhaíocht brústocaireachta, go gcláraíonn sé/sí agus go gcuireann sé/sí tuairisceáin isteach chuig an gClár. D'fhéadfadh go mbeadh rialacha i bhfeidhm cheana féin maidir le cúrsaí ábhartha mar a bhfuil an bhrústocaireacht míchuí agus mar a bhféadfadh sí duine a dhícháiliú óna bhreithniú. Sna cásanna sin, ní théann an tAcht i bhfeidhm ar shocruithe den sórt sin seachas maidir lena shainaithint go ndearnadh cumarsáidí den sórt sin (más ionann iad agus 'cumarsáidí iomchuí' de réir an tsainmhínithe atá san Acht (féach thíos)).

## 4) Cé na cumarsáidí a chumhdaítear leis an Acht?

Leagtar amach san Acht na catagóirí daoine a meastar go seolann siad gníomhaíochtaí brústocaireachta. Féachaimid ar na daoine sin mar dhaoine a thagann faoi raon feidhme an Achta. Tá duine ag gabháil do bhrústocaireacht i gcás go dtagann sé/sí faoi raon feidhme an Achta agus go ndéanann sé/sí "cumarsáid iomchuí". Déanann duine cumarsáid iomchuí i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid phearsanta (go díreach nó go hindíreach) le hOifigeach Poiblí Ainmnithe maidir le "ní iomchuí".

Is é sin le rá ar shlí eile, measfar go bhfuil duine ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta (ag déanamh "cumarsáid iomchuí") má chomhlíonann an duine gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

a. Tagann an duine faoi raon feidhme an Achta agus déanann sé/sí cumarsáid iomchuí nó déanann sé/sí bainistiú nó treorú ar dhéanamh cumarsáide iomchuí.
b. Déantar an chumarsáid go díreach nó go hindíreach le hOifigeach Poiblí Ainmnithe.
c. Baineann an chumarsáid le ní iomchuí.
d. Ní cumarsáid eiscthe í an chumarsáid.

Ní dhéantar aon dealú san Acht maidir leis an áit a ndéantar an chumarsáid agus is féidir léi "cumarsáidí iomchuí" a dhéantar lasmuigh den Stát a chuimsiú. Ní dhéantar aon dealú san Acht maidir lena fhoirmiúla atá cumarsáid ach oiread. Is féidir go measfar comhrá neamhbheartaithe neamhfhoirmiúil a bheith ina bhrústocaireacht ar an mbealach céanna a mheastar cruinniú níos foirmiúla a bheith ina bhrústocaireacht.

## a) Cé a thagann faoi raon feidhme an Achta?

Is iad seo a leanas na daoine a thagann faoi raon feidhme an Achta:

- Duine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaimseartha
- Comhlacht ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí, i gcás go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí. Tugaimid "comhlachtaí ionadaitheacha" ar chomhlachtaí den sórt sin. Samplaí de chomhlachtaí ionadaitheacha is ea ceardchumann, comhlachas gairmiúil, cumann tionscail agus comhlacht spóirt.
- Comhlacht ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus atá ann go príomha chun díriú ar shaincheisteanna áirithe, i gcás go mbaineann na cumarsáidí iomchuí le haon cheann de na saincheisteanna sin. Tugaimid "comhlachtaí tathanta" ar chomhlachtaí den sórt sin. Samplaí de chomhlachtaí tathanta is ea eagraíochtaí a chuireann na healaíona chun cinn nó a théann i mbun feachtais ar son cearta leanaí.
- Tríú páirtí (duine aonair nó eagraíocht) a fhaigheann íocaíocht as gabháil do bhrústocaireacht thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí daoine thuas. (Is féidir an íocaíocht sin a dhéanamh in airgead nó i luach airgid).
- Aon duine (duine aonair nó eagraíocht) atá ag déanamh "cumarsáid iomchuí" faoi fhorbairt nó criosú talún nach ionann í agus a phríomháit chónaithe phríobháideach. (Sainmhínítear "príomháit chónaithe phríobháideach" in alt 5(9) den Acht).

Tríd is tríd, ní thiocfaidh daoine aonair agus comhlachtaí ionadaitheacha/tathanta atá comhdhéanta go hiomlán d'oibrithe deonacha faoi raon feidhme an Achta ach amháin i gcás go ngabhann siad do bhrústocaireacht faoi thalamh a chriosú/a fhorbairt.

## b) Cé hiad na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe?

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht:

- Airí agus Airí Stáit;
- Teachtaí Dála agus Seanadóirí;

- Feisirí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh Éireannacha;
- Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla;
- Comhairleoirí Speisialta d'Airí agus d'Airí Stáit a ceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;
- Seirbhísigh Phoiblí de thuairisc fhorordaithe;
- Catagóirí eile daoine de thuairisc fhorordaithe.

I dtaca le "seirbhísigh phoiblí de thuairisc fhorordaithe", rinne an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rialacháin (na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2015, agus na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016) lena dtugtar mionsonraí faoi na poist atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe chun críocha an Achta.

I dtaca leis an Státseirbhís, is forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe atá seirbhíseach poiblí ar Ard-Rúnaí, Fo-Rúnaí, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóir é/í i gcomhlacht seirbhíse poiblí atá sonraithe i Sceideal I a ghabhann le Rialacháin 2015. Is forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe freisin atá seirbhíseach poiblí i bpost atá sonraithe i Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin 2015.

I dtaca le hÚdaráis Áitiúla, foráiltear le Rialacháin 2015 go bhfuil na daoine sna poist seo a leanas in Údaráis Áitiúla forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe:

- Príomhfheidhmeannaigh agus gráid choibhéiseacha
- An Príomhfheidhmeannach Cúnta (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Stiúrthóirí Seirbhísí
- Cinn Airgeadais
- An Ceann Acmhainní Daonna (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Faoi Rialacháin 2016, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016, tá seirbhíseach poiblí i gComhairle Contae Chorcaí atá ag obair sa phost mar Bhainisteoir Rannóige forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe.

Tá mionsonraí iomlána faoi na poist thuas, atá forordaithe sna Rialacháin, ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.lobbying.ie. Féadfar an liosta post atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a leathnú le hOrdú ón Aire chuig catagóirí eile le himeacht ama.

## c) Cad is "ní iomchuí" ann?

Is é is ní iomchuí ann ná aon ní a bhaineann leis na nithe seo:

- Tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí (mar shampla, tograí le haghaidh athruithe ar chánachas, tograí le haghaidh athruithe ar bheartas talmhaíochta, tograí le haghaidh teidlíocht i leith seirbhísí sláinte a athrú).
- Aon dlí a ullmhú nó a leasú (lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach amhail ionstraimí reachtúla agus fodhlíthe) (mar shampla, tograí le haghaidh an dlí maidir le huchtú a athrú, tograí le haghaidh fodhlíthe a bhaineann leis an trácht a athrú).
- Dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó aon chomhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena mbaineann cistí poiblí (mar shampla, na critéir i dtaca le deontais tithíochta a dhámhachtain do dhaoine faoi mhíchumas, an ceannach maoine nó an díol maoine nó sócmhainní eile ag an rialtas).

**AR LEITH Ó** aon bheartas, clár, achtachán nó dámhachtain den sórt sin a chur i ngníomh nó ó aon ní de chineál teicniúil.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí den difríocht idir nithe a bhféadfaí a mheas gur nithe iomchuí agus nithe "cur i ngníomh" iad agus nithe a bhféadfaí a mheas gur nithe de chineál teicniúil iad:

- Cumarsáidí lena bhféachtar le beartas nó dlí cánach ar leith a thabhairt isteach nó a leasú, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le **ní iomchuí** iad. I gcás go gcinnfear an beartas agus go n-achtófar an dlí cánach lena mbaineann ina dhiaidh sin, is dóigh go measfaí gur **nithe cur i ngníomh** iad cumarsáidí a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí.
- Cumarsáidí a bhaineann le critéir áirithe a chur ar áireamh i dtairiscint phoiblí, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le **ní iomchuí** iad. I gcás go gcomhaontófar na critéir agus go bhfoilseofar Iarraidh ar Thairiscintí ina dhiaidh sin, mheasfaí gur **nithe cur i ngníomh** iad aon tairiscint a chuirfear isteach, aon cheisteanna maidir le sonraíochtaí na tairisceana agus aon aiseolas ar thoradh na tairisceana.
- Sampla de nithe de chineál teicniúil is ea cásanna ina bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas beartas nó reachtaíocht a thabhairt isteach chun astaíochtaí gluaisteáin a laghdú. Cumarsáidí a bhaineann leis an mbeartas nó an reachtaíocht atá beartaithe, mheasfaí gur cumarsáidí a bhaineann le **ní iomchuí** iad. Mar shampla, is é ní teicniúil a bheadh i gceist i gcás go rachadh an Rialtas i gcomhairle le saineolaithe eolaíocha maidir leis an leibhéal astaíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol. I gcás go gcuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm, is dóigh go measfaí gur **nithe teicniúla** freisin iad aon cheisteanna a chuirtear ar an rannóg rialála lena mbaineann maidir le conas cloí leis na ceanglais nua.

## d) Cé na cumarsáidí "eiscthe" (díolmhaithe)?

Is fiú a thabhairt faoi deara nach meastar, chun críocha an Achta, gur brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide. Ní mór do chumarsáid gach ceann de na critéir atá leagtha amach i bpointí a, b agus c thuas a chomhlíonadh chun go measfar gur gníomhaíocht brústocaireachta í. De bhreis air sin, ní mheastar gur cumarsáidí iomchuí (brústocaireacht) iad na cumarsáidí "eiscthe" (díolmhaithe) seo a leanas:

- **Gnóthaí príobháideacha**: Cumarsáidí a dhéanann duine aonair nó a dhéantar thar ceann duine aonair a bhaineann lena g(h)nóthaí príobháideacha féin. *(Mar shampla, ní cumarsáidí iomchuí iad cumarsáidí i dtaca le hincháilitheacht duine aonair le haghaidh íocaíocht leasa shóisialaigh, teach údaráis áitiúil nó cárta leighis nó i dtaca le teidlíocht duine aonair ina leith sin).* **Ní** díolmhaithe atá cumarsáidí aonair a bhaineann le forbairt nó criosú aon talún **ach amháin** i gcás go bhfuil an duine aonair ag déanamh cumarsáid faoi thalamh arb ionann í agus a p(h)ríomháit chónaithe phríobháideach agus nach mó achar na talún ná acra amháin.
- **Caidreamh taidhleoireachta**: Cumarsáidí a dhéanann tír iasachta nó críoch iasachta, an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe nó aon eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta eile nó a dhéantar thar a gceann. Tabhair faoi deara nach bhfuil feidhm ag an díolúine seo ach amháin maidir le cumarsáidí arna gceadú ag na hoifigigh ó thír nó cúlchríoch eile; duine aonair a chónaíonn i dtír eile agus nach bhfuil aon údarás eile aige/aici, ní cháilíonn sé/sí don díolúine.
- **Faisnéis fhíorasach**: Cumarsáidí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena soláthraítear faisnéis fhíorasach mar fhreagairt ar iarraidh ar an bhfaisnéis *(mar shampla, cuideachta a fhiafraíonn de sheirbhíseach poiblí conas is féidir léi cáiliú le haghaidh deontas fiontraíochta agus a fhaigheann freagra; duine a dhéanann fiafraí faoi na rialacha i dtaca le pleanáil agus a fhaigheann freagra; faisnéis fhíorasach a sholáthraíonn comhlacht ionadaitheach do roinn rialtais mar fhreagairt ar iarraidh ón roinn).*
- **Aighneachtaí foilsithe**: Cumarsáidí a iarrann comhlacht seirbhíse poiblí agus a fhoilsíonn sé *(mar shampla, aighneachtaí a fhaightear mar fhreagairt ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhfoilsíonn an comhlacht poiblí iad ina dhiaidh sin.)* D'fhoilsigh an Coimisiún treoir níos mionsonraithe maidir le próisis chomhairliúcháin phoiblí sa rannán ceisteanna coitianta dá shuíomh Gréasáin. Moltar do chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar cheanglais an Achta agus iad ag smaoineamh ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil. Moltar dóibh freisin na ceanglais sin agus ceisteanna coitianta an Choimisiúin a chur san áireamh agus iad ag ullmhú glao le haghaidh aighneachtaí.
- **Caibidlí ceardchumainn**: Cumarsáidí is cuid de chaibidlí, nó a bhaineann go díreach le caibidlí, ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta a ghabhann ionadaithe ceardchumainn de láimh thar ceann a chomhaltaí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an

díolúine ar leith seo maidir le ceardchumann mar atá sainmhínithe san Acht. Is féidir nach dtiocfaidh gach comhlacht ionadaitheach fostaithe faoin sainmhíniú ar cheardchumann atá leagtha amach san Acht agus, dá bharr sin, ní bheidh feidhm ag an díolúine maidir leo.

- **Sábháilteacht agus slándáil**: Cumarsáidí a bhféadfadh sé gur bhagairt ar shábháilteacht aon duine nó ar shlándáil an Stáit iad a nochtadh.
- **Coistí Oireachtais**: Cumarsáidí a dhéantar in imeachtaí coiste de cheachtar Teach den Oireachtas. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag an díolúine seo ach amháin maidir le himeachtaí foirmiúla coiste a thaifeadtar agus/nó a scríobhtar miontuairiscí orthu de ghnáth. Níl feidhm aici maidir le cumarsáidí a dhéantar lasmuigh d'imeachtaí foirmiúla.
- **Cumarsáidí ó Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó ó sheirbhísigh phoiblí**: Is cumarsáidí díolmhaithe iad na cumarsáidí a dhéanann Oifigeach Poiblí Ainmnithe ina c(h)áil mar oifigeach den sórt sin. *(Mar shampla, ní hionann agus brústocaireacht na cumarsáidí a dhéanann Comhairleoirí Contae chuig Príomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúil nó seirbhísigh phoiblí eile.)* Mar an gcéanna, is cumarsáidí díolmhaithe freisin iad na cumarsáidí a dhéanann seirbhísigh phoiblí (nó na daoine sin atá fruilithe ar conradh ag comhlacht seirbhíse poiblí) sa cháil sin agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhíse poiblí. Tá seirbhísigh phoiblí fostaithe ag comhlachtaí seirbhíse poiblí nó sealbhaíonn siad oifig sna comhlachtaí sin. Sainmhínítear "comhlacht seirbhíse poiblí" in alt 7 den Acht. Tríd is tríd, tá siad ina gcomhlachtaí Stáit nach comhlachtaí tráchtála Stáit iad.
- **Rialachas comhlachtaí tráchtála Stáit**: Cumarsáidí ó chomhlacht tráchtála Stáit, nó thar ceann comhlacht tráchtála Stáit, a dhéantar le hAire a shealbhaíonn scaireanna sa chomhlacht, nó a bhfuil feidhmeanna reachtúla aige/aici i ndáil leis an gcomhlacht, nó le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe atá ag fónamh i roinn an Aire sin, **i ngnáthchúrsa ghnó an chomhlachta**. (*Mar shampla, cumarsáidí áirithe idir Iarnród Éireann agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.*) D'fhoilsigh an Coimisiún treoir níos mionsonraithe maidir leis an díolúine ar leith seo sa rannán ceisteanna coitianta den suíomh Gréasáin lobbying.ie, go háirithe treoir maidir leis na nithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist le gnáthchúrsa gnó comhlachta tráchtála Stáit. Ní bheadh na cumarsáidí go léir ina gcumarsáidí díolmhaithe. Bheadh sé riachtanach aon chumarsáidí a bheadh ina mbrústocaireacht ar shlí eile *(mar shampla, cistiú breise a iarraidh, athrú reachtaíochta a lorg)* a chlárú. D'fhéadfadh gur mhaith le comhlachtaí poiblí a bhfuil comhlachtaí tráchtála Stáit atá ag oibriú faoina gcoimirce acu an chumarsáid dhíolmhaithe sin agus doiciméad ceisteanna coitianta an Choimisiúin a bhreithniú agus aird a nOifigeach Poiblí Ainmnithe agus na gcomhlachtaí tráchtála Stáit lena mbaineann a tharraingt orthu sin.
- **Grúpaí oibre beartais**: Cumarsáidí idir comhaltaí de "chomhlacht iomchuí" arna gceapadh ag Aire, nó ag comhlacht seirbhíse poiblí, chun athbhreithniú, measúnú nó anailís a dhéanamh ar aon saincheist beartais phoiblí d'fhonn tuarascáil a thabhairt don Aire nó don chomhlacht seirbhíse poiblí maidir léi. Is é is "comhlacht iomchuí" ann ná comhlacht a gceapann Aire nó comhlacht seirbhíse poiblí a chomhaltaí, áit a n-áirítear leis an gcomhaltas

duine amháin nó níos mó ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad agus duine amháin nó níos mó nach seirbhísigh phoiblí iad ná nach bhfuil fruilithe chun críocha comhlachta seirbhíse poiblí. (*Mar shampla, grúpaí comhairleacha, sainghrúpaí, grúpaí oibre, grúpaí athbhreithnithe nó coimisiúin.*) Níl feidhm ag an díolúine seo ach amháin i gcás go seolann an comhlacht iomchuí a ghníomhaíochtaí de réir Cód Trédhearcachta arna fhoilsiú ag an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Cód Trédhearcachta ar fáil ag https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-public-bodies/transparency-code/. Tá tuilleadh faisnéise maidir le comhlachtaí iomchuí agus leis an gCód Trédhearcachta leagtha amach i rannán 5 thíos.

## 5) "Comhlachtaí Iomchuí" agus an Cód Trédhearcachta

Gné thábhachtach de cheapadh beartais phoiblí is ea fáil a bheith ag Airí agus ag Comhlachtaí Poiblí ar dhaoine lasmuigh den tseirbhís phoiblí a bhfuil saineolas, scileanna agus eolas acu nuair atá siad ag teastáil uathu. De ghnáth, comhlíontar an ghné sin i riocht Grúpaí Oibre, a d'fhéadfadh a bheith comhdhéanta de sheirbhísigh phoiblí agus de dhaoine nach seirbhísigh phoiblí iad araon. Mar thoradh ar chineál na gcumarsáidí a dhéantar idir oifigigh phoiblí agus daoine nach seirbhísigh phoiblí iad i roinnt Grúpaí Oibre, is féidir go bhféadfaí roinnt de na cumarsáidí sin a ghabháil faoin sainmhíniú ar ghníomhaíocht brústocaireachta.

Mar atá luaite i Rannán 4 thuas, foráiltear leis an Acht (alt 5(5)(n)) go bhféadfadh cumarsáidí idir baill de Ghrúpaí Oibre a bheith ina gcumarsáidí díolmhaithe (agus gan a bheith measta mar ghníomhaíochtaí brústocaireachta) ar choinníoll go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar "comhlacht iomchuí" dá bhforáiltear in alt 5(6) den Acht. Chun go mbeidh na cumarsáidí díolmhaithe, ní mór don Ghrúpa Oibre an sainmhíniú ar "comhlacht iomchuí" a chomhlíonadh.

Ciallaíonn "comhlacht iomchuí" comhlacht:

1) A gceapann Aire den Rialtas nó comhlacht seirbhíse poiblí é;
2) A bhfuil Oifigeach Poiblí Ainmnithe amháin aige agus a bhfuil duine amháin ar a laghad nach seirbhíseach poiblí é/í aige; agus
3) A sheolann a ghníomhaíochtaí de réir an Chóid Trédhearcachta ar fhoilsigh an tAire é.

Ba cheart do chomhlachtaí poiblí a chinntiú go gcuirfear in iúl do bhaill de Ghrúpa Oibre go bhfuil an rogha acu cloí leis an gCód Trédhearcachta agus leas a bhaint as na cumarsáidí díolmhaithe a bhaineann le "comhlachtaí iomchuí". Má chinneann an Grúpa Oibre gan cloí leis an gCód Trédhearcachta, ba cheart a chur in iúl do na baill den Ghrúpa nach seirbhísigh phoiblí iad nó nach bhfuil ag déanamh ionadaíocht do chomhlacht seirbhíse poiblí go bhféadfaí a mheas gur gníomhaíocht brústocaireachta iad cumarsáidí a dhéantar le hOifigeach Poiblí Ainmnithe mar chuid

d’obair an Ghrúpa. Is féidir go mbeidh ceangal orthu clárú agus tuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin a chur isteach.

Tá freagracht ar an gcomhlacht poiblí a chuir an Grúpa Oibre ar bun as foilsiú a dhéanamh ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an nGrúpa Oibre nach mór í a fhoilsiú faoin gCód Trédhearcachta. Ní mór an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an chomhlachta phoiblí. (Tá tuilleadh treorach maidir le conas ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar fáil i rannán 7 thíos.)

D’fhoilsigh an Coimisiún nóta treorach ar leith do chomhlachtaí poiblí maidir le Grúpaí Oibre agus Brústocaireacht a Rialáil.

## a) An Cód Trédhearcachta

Ní mór do ghrúpaí iomchuí na critéir atá sainithe sa Chód Trédhearcachta a chomhlíonadh chun go measfar gur “comhlacht iomchuí” iad (mar atá sainmhínithe san Acht) agus chun go bhféadfaidh siad leas a bhaint as an díolúine atá leagtha amach in alt 5(5)(n) den Acht.

Chun ceanglais an Chóid Trédhearcachta a chomhlíonadh, ní mór faisnéis áirithe a bhaineann leis an nGrúpa a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an chomhlachta phoiblí mar seo a leanas:

- Téarmaí tagartha an Ghrúpa
- An t-amchlár is dóigh go mbeidh ag teastáil ón nGrúpa chun a chuid oibre a chríochnú;
- Socruithe tuairiscithe don Ghrúpa.
- Ainm an Chathaoirligh agus na mBall den Ghrúpa, mar aon le mionsonraí faoi na heagraíochtaí a fhostaíonn iad;
- Faisnéis ina leagtar amach cé acu a bhí nó nach raibh aon bhaill nach seirbhísigh phoiblí iad ina nOifigigh Phoiblí Shainithe roimhe seo;
- Clár Oibre agus Miontuairiscí gach cruinnithe;

Ba cheart an fhaisnéis thuas a bheith in áit fheiceálach ar shuíomh Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí agus ba cheart í a bheith sorochtana.

Ina theannta sin, tá Cathaoirleach an Ghrúpa freagrach as maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar obair an Ghrúpa ar bhealach a chinntíonn go bhfeidhmíonn an Grúpa de réir a théarmaí tagartha agus chun leas an phobail. I dtuarascáil deiridh nó i dtuarascáil bhliantúil an Ghrúpa, cuirfidh an Cathaoirleach ráiteas ar fáil ina ndeimhneofar gur cloíodh leis an gCód Trédhearcachta.

Tá feidhm ag ceanglais an Chóid Trédhearcachta maidir le foghrúpaí de chuid an phríomhghrúpa freisin sa chás go bhfuil ballraíocht an fhoghrúpa comhdhéanta d'Oifigeach Poiblí Ainmnithe amháin ar a laghad agus de dhuine amháin ar a laghad ó áit lasmuigh den tseirbhís phoiblí.

## b) Tráthúlacht an Fhoilsithe

B'fhearr an fhaisnéis a fhoilsiú ar an mbealach is tráthúla is féidir, ag féachaint do leas an phobail in ionracas an phróisis bhreithniúcháin a chosaint. I gcás gach grúpa, ní mór an fhaisnéis atá ar shuíomh Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí a nuashonrú gach 4 mhí ar a laghad. Tá an tréimhse ama sin i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe le haghaidh tuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta faoin Acht.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur do na cumarsáidí sin a dhéantar laistigh de théarmaí tagartha an Ghrúpa, agus do na cumarsáidí sin amháin, a thabharfar an díolúine dá bhforáiltear leis an gCód Trédhearcachta agus nach féidir díolúine a thabhairt ach amháin do na cumarsáidí sin a dhéantar le linn imeachtaí an Ghrúpa. Ní bheidh an díolúine ag cumarsáidí a dhéantar le linn sosanna nó lasmuigh d'imeachtaí coiste.

## c) Bearta atá le cur san áireamh i dtaca leis an gCód Trédhearcachta

Ba cheart do chomhlachtaí poiblí na bearta seo a leanas a dhéanamh i dtaca leis an gCód Trédhearcachta:

1. A bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go gcomhlíonann aon Ghrúpaí a oibríonn faoi choimirce an chomhlachta phoiblí na trí choinníoll atá leagtha amach thuas maidir le cad is "comhlacht iomchuí" ann;
2. Má chomhlíonann siad iad, dul i gcomhairle le Cathaoirleach agus leis na baill den Ghrúpa maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart don Ghrúpa feidhmiú de réir an Chóid Trédhearcachta;
3. Más mian leis an nGrúpa feidhmiú de réir an Chóid, socruithe cuí a dhéanamh don fhaisnéis atá sainaitheanta i rannán 5(a) thuas a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an chomhlachta phoiblí. (Tá tuilleadh faisnéise maidir le conas ba cheart faisnéis den sórt sin a fhoilsiú ar fáil i rannán 7 thíos);
4. Mura mian leis an nGrúpa feidhmiú de réir an Chóid, ba cheart a chur i gcuimhne do na baill den Ghrúpa nach seirbhísigh phoiblí iad go mbeidh orthu a bhreithniú cé acu a thagann nó nach dtagann aon chumarsáidí le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe atá páirteach sa Ghrúpa faoin sainmhíniú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a thugtar san Acht. Más gníomhaíochtaí brústocaireachta iad na cumarsáidí sin, beidh ar na baill sin iad féin a chur ar an eolas faoi na ceanglais chun clárú agus chun tuairisceáin a chur isteach chuig an gClár.

### d) Stór nó liosta lárnach de "comhlachtaí iomchuí"

Le moladh a rinneadh sa Tuarascáil ar an gCéad Athbhreithniú ar an Acht, rud ar fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, moladh go bhféadfadh an Coimisiún stór nó liosta lárnach de "comhlachtaí iomchuí" a chothabháil chun go mbeadh a fhios ag daoine a dhéanann brústocaireacht cé acu is gá nó nach gá dóibh cumarsáidí a dhéantar laistigh de chruinnithe an chomhlachta a chlárú. Bhunaigh an Coimisiún liosta den sórt sin agus iarrtar ar chomhlachtaí poiblí mionsonraí maidir le "comhlacht iomchuí" ar bith atá faoina gcoimirce agus atá ag cloí leis an gCód Trédhearcachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

## 6) Mionsonraí na nOifigeach Poiblí Ainmnithe a Fhoilsiú

Le halt 6(4) den Acht, ceanglaítear ar na comhlachtaí poiblí go léir a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe fhorordaithe acu liosta cothrom le dáta a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin ina léirítear ainm agus grád gach Oifigigh Phoiblí Ainmnithe atá forordaithe don chomhlacht agus mionsonraí gearra i dtaobh ról nó fhreagrachtaí na ndaoine sin.  Iarrann an Coimisiún go ndéanfadh comhlachtaí poiblí a liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta.  Comhlíonann an liosta roinnt críocha, lena n-áirítear na críocha seo a leanas:

1) Cumasaíonn sé daoine den phobal na daoine sin ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad a aithint.
2) Ní mór do dhaoine a dhéanann brústocaireacht gníomhaíochtaí brústocaireachta a thaifeadadh agus tuairisceáin orthu a chur isteach chuig an gClár. Ós rud é nach mór aon Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a aithint i dtuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta, tá sé tábhachtach go bhfuil daoine atá ag cur tuairisceáin isteach in ann rochtain a fháil ar liostaí atá cothrom le dáta de na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe atá laistigh de na comhlachtaí poiblí a bhfuil siad ag déanamh cumarsáid leo.
3) Cuireann sé ar chumas an Choimisiúin a chinntiú gur cothrom le dáta atá an liosta "anuas" d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar fhoirm an Chláir um Thuairisceán ar Ghníomhaíochtaí Brústocaireachta.
4) Cuireann sé ar chumas an Choimisiúin a chinntiú gur Oifigeach Poiblí Ainmnithe atá i nduine a dtagraítear dó/di i dtuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta mar dhuine a ndearnadh brústocaireacht air/uirthi.

## 7) An leagan amach molta le haghaidh mionsonraí maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe agus "comhlachtaí iomchuí" a fhoilsiú.

Chun ceanglais alt 6(4) den Acht a chomhlíonadh agus chun cabhrú leis an gCoimisiún go ginearálta liosta atá cothrom le dáta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe agus stór/liosta lárnach de chomhlachtaí poiblí a chothabháil, d'iarr an Coimisiún ar na comhlachtaí poiblí ag a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe atá forordaithe na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- Leathanach tiomnaithe dar teideal "Brústocaireacht a Rialáil" a chruthú sa rannán "Maidir Linn" ar a suíomh Gréasáin.
- Naisc chuig www.lobbying.ie a thabhairt ar a leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil.
- Seoladh/URL beacht a leathanaigh ar Bhrústocaireacht a Rialáil a thabhairt don Choimisiún chun go bhféadfaí an Coimisiún nasc chuig an leathanach sin a thabhairt ar a stór lárnach ar líne de "comhlachtaí iomchuí". (https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-lobbyists/dpo-list/)
- Liosta atá cothrom le dáta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe na heagraíochta a fhoilsiú agus a chothabháil ar a leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil. Anuas ar ainm na nOifigeach Poiblí Ainmnithe sin atá forordaithe a thabhairt, ba cheart na nithe seo a leanas a chur ar áireamh freisin ar an leathanach:
  a) Mionsonraí Airí, Airí Stáit agus Comhairleoirí Speisialta i gcás Ranna Rialtais, agus
  b) Mionsonraí a gcomhaltaí tofa nó nasc chuig an leathanach ar chomhaltaí tofa i gcás Údaráis Áitiúla.
- Mionsonraí a fhoilsiú ar a leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil faoi aon "comhlachtaí iomchuí" i.e. Grúpaí Oibre atá ag oibriú faoin gCód Trédhearcachta.
- Foilsiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis nach mór a chur ar fáil faoin gCód Trédhearcachta i ndáil le gach comhlacht iomchuí.
- Duine idirchaidrimh san eagraíocht a ainmniú, ar duine é/í a bheidh freagrach as an leathanach ar Bhrústocaireacht a Rialáil ar an suíomh Gréasáin a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta agus a bhféadfaidh an Coimisiún idirchaidreamh a dhéanamh leis/léi maidir le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe agus comhlachtaí iomchuí na heagraíochta.

## 8) Tréimhse Mharana

Foráiltear leis an Acht go bhfuil srian ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe áirithe dul i mbun brústocaireachta i gcásanna áirithe ar feadh bliana tar éis dóibh a bpost nó a n-oifig a fhágáil. Is é sin le rá, tá siad faoi réir tréimhse "mharana" i dtaca le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí brústocaireachta áirithe.

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe lena mbaineann: Airí agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta d'Airí agus d'Airí Stáit agus seirbhísigh phoiblí fhorordaithe. (Tagraítear dóibh anseo ina dhiaidh seo mar "Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iomchuí".) Ní chuimsítear leis an bhforáil seo daoine

eile ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad chun críocha na gceanglas um chlárú brústocaireachta, is iad sin, Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí d'Údaráis Áitiúla.

Ní fhéadfaidh na hoifigigh phoiblí nach gcuimsítear leis an bhforáil sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh, ná
- bheith fostaithe ag duine atá ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta, ná seirbhísí a chur ar fáil dó, i gcúinsí áirithe.

Baineann na cúinsí sin leis na cásanna seo a leanas:

- Go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí a raibh an tOifigeach Poiblí Ainmnithe iomchuí bainteach leis, is é sin, áit a raibh sé/sí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh aige/aici sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó
- Go ndéantar í chuig duine a bhí ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe agus a bhí bainteach leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág an tOifigeach Poiblí Ainmnithe iomchuí an comhlacht.

Féadfaidh Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iomchuí iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún ar thoiliú chun gabháil do bhrústocaireacht den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh toiliú a thabhairt gan choinníoll, toiliú a thabhairt go coinníollach nó diúltú don iarratas ar feadh na tréimhse ar fad nó cuid di.

Féadfaidh Oifigeach Poiblí Ainmnithe iomchuí nach bhfuil sásta leis an gcinneadh achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón gCoimisiún chuig Oifigeach Achomhairc neamhspleách.

D'fhoilsigh an Coimisiún nóta treorach maidir le halt 22 den Acht. Sa nóta treorach, tá na nithe seo leagtha amach: ceanglais alt 22; an fhaisnéis a d'fhéadfadh an Coimisiún a iarraidh i gcás go bhfaigheann sé iarratas ar thoiliú; agus na critéir a d'fhéadfadh an Coimisiún a chur san áireamh agus iarratas ar thoiliú á bhreithniú aige.

## 9) Iar-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó Oifigigh Phoiblí Ainmnithe Reatha atá Fostaithe ag Brústocaire nó atá ag cur Seirbhísí ar fáil do Bhrústocaire

Más rud é go bhfuil nó go raibh duine ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe (roimh rith an Achta nó ina dhiaidh), agus

- go bhfuil sé/sí fostaithe ag brústocaire nó ag cur seirbhísí ar fáil do bhrústocaire, agus

- go raibh sé/sí i mbun cumarsáidí brústocaireachta le linn tréimhse tuairiscithe iomchuí,

ceanglaítear le halt 12 den Acht nach mór ainm an duine a bheith ar áireamh i dtuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta arna chur isteach ag an mbrústocaire don tréimhse sin. Dá bhrí sin, cuirfear ainm an duine i láthair ar an gClár mar dhuine a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta i dtaca leis an tuairisceán. Níl feidhm ag an gceanglas sin i gcás go n-iarrann duine ar ionadaí tofa cumarsáid a dhéanamh thar a c(h)eann ina c(h)áil mar ionadaí tofa (e.g. uiríll a dhéanamh chuig Aire nó cruinniú a eagrú le comhlacht poiblí). Sna cásanna sin, tá brústocaireacht á déanamh ar an ionadaí tofa agus ba cheart é/í a chur ar áireamh sa tuairisceán mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe a ndearnadh brústocaireacht air. Más rud é, áfach, go bhfuil ionadaí tofa ag déanamh cumarsáide i gcáil eile e.g. mar Chathaoirleach ar chomhlacht ionadaitheach nó ar ghrúpa tathanta nach bhfuil laistigh den raon feidhme, beidh sé riachtanach ainm an ionadaí thofa a chur ar áireamh i dtuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta mar dhuine a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann leis an tuairisceán.

## 10) Cód Iompair do Dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta

De réir alt 16 den Acht, d'fhoilsigh an Coimisiún Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Tháinig an Cód in éifeacht an 1 Eanáir 2019. Is é cuspóir an Chóid iompraíocht na ndaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialú. Leagtar amach sa Chód na prionsabail a chumasóidh daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta gabháil do na gníomhaíochtaí sin ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Ceanglaítear ar dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta aird a thabhairt ar an gCód Iompair.

## 11) Conas is féidir le comhlachtaí poiblí agus le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe cabhrú le Cur Chun Feidhme an Achta

### a) Eolas a chur ar cheanglais an Achta

Moltar do chomhlachtaí poiblí agus d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe eolas a chur ar cheanglais an Achta; ar cheanglais an Chóid Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta; agus ar na treoirlínte seo. Cuirfidh sé sin ar chumas comhlachtaí poiblí agus Oifigeach Poiblí Ainmnithe comhairle a chur ar dhaoine atá i mbun brústocaireachta maidir le conas is féidir leo tuilleadh faisnéise faoin Acht a fháil, má iarrtar orthu déanamh amhlaidh.

## b) Oscailteacht agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe á nAithint

Ba cheart do sheirbhísigh phoiblí bheith réamhghníomhach maidir lena chur in iúl do bhrústocairí féideartha go bhfuil Oifigeach Poiblí Ainmnithe iontu agus iad ag freastal ar chruinniú, ag glacadh páirt i nglao comhdhála etc. D'fhéadfadh sé sin bheith úsáideach go háirithe i gcruinnithe mar a bhfuil líon mór oifigeach i láthair agus mar nach bhféadfadh na daoine sin nach bhfuil fostaithe sa tseirbhís phoiblí bheith eolach ar aitheantas agus ar ghrád gach oifigigh.

Modh eile den trína bhféadfadh Oifigeach Poiblí Ainmnithe bheith réamhghníomhach ba ea líne a chur ar áireamh ina c(h)árta gnó nó ina s(h)íniú ríomhphoist lena luaitear:

"Oifigeach Poiblí Ainmnithe faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.* Féach www.lobbying.ie."

## c) Dea-choimeád taifead

Is é atá san fhaisnéis a thugtar i dtuairisceán ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta go bunúsach ná achoimre ar na cumarsáidí iomchuí a rinneadh idir duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus Oifigeach Poiblí Ainmnithe/Comhlacht Poiblí. D'fhéadfadh an fhaisnéis a chuimsítear i dtuairisceán tuilleadh fiosruithe nó iarrataí Saorála Faisnéise a spreagadh maidir leis na cumarsáidí. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí agus d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a chinntiú, dá bhrí sin, go gcoimeádfar taifead cuí ar an gcomhfhreagras ar fad a dhéantar le brústocaire ar ábhar ar leith. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin freisin taifead nó cuntas ar chomhráite ócáideacha nó sóisialta a measann an tOifigeach Poiblí Ainmnithe gur tharla gníomhaíocht brústocaireachta iontu.

## d) Cruinneas an Chláir a Sheiceáil

Moltar d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe an clár brústocaireachta a sheiceáil ar bhonn tréimhsiúil chun a chinntiú go bhfuil a n-ainm bainteach leis na gníomhaíochtaí brústocaireachta cearta agus gur ceart go fíorasach atá an fhaisnéis. Tá sé de cheart ag daoine iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis a cheartú i gcásanna inar míchruinn, as dáta nó míthreorach atá faisnéis atá foilsithe ar an gClár.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfágann an fhíric go bhfuil ainm an Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le feiceáil ar thuairisceán brústocaireachta go gcomhaontaíonn sé le seasamh an duine atá ag déanamh brústocaireachta air. Aon duine a théann i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta, féadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh ar roinnt bealaí: trí ríomhphoist, trí ghlaonna teileafóin, trí aighneachtaí scríofa, trí chruinnithe, etc. Is féidir roinnt de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i bhfoirm mórchumarsáidí (mar shampla, ríomhphost a chur chuig gach comhalta den Oireachtas). Is

féidir gníomhaíochtaí eile a bheith níos spriocdhírithe (mar shampla, cruinniú le hOifigeach Poiblí Ainmnithe ar leith).

Tá sé de fhreagracht ar oifigigh phoiblí raon tuairimí ar bheartas poiblí a iarraidh agus a chloisteáil, agus is cuid den phróiseas sin atá i dteacht le chéile le heagraíochtaí nó le daoine a d'fhéadfadh féachaint le brústocaireacht a dhéanamh orthu. Sa chás go bhfuil ainm Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le feiceáil ar thuairisceán brústocaireachta, ní thugann sé sin le fios ach go ndearnadh brústocaireacht ar an Oifigeach Poiblí Ainmnithe ar ábhar ar leith. Ní thugann sé le tuiscint go n-aontaíonn an tOifigeach Poiblí Ainmnithe lena mbaineann le seasamh an bhrústocaire agus níor cheart é a léirmhíniú ar an mbealach sin.

# 12) Achoimre

## a) Eochairphointí le cuimhneamh orthu

- Cuid dhlisteanach bhailí de do ról is ea bualadh le brústocairí.
- Níor cheart an tAcht a úsáid mar chúis nó mar mhodh le diúltú do theagmháil a dhéanamh le duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta.
- Tá sé tábhachtach go ndéantar gníomhaíochtaí brústocaireachta ar bhealach oscailte trédhearcach.
- Tá sé tábhachtach go gcoimeádtar taifid chuí ar chumarsáidí brústocaireachta.
- Is ar an duine atá ag déanamh brústocaireachta agus ní ortsa atá an oibleagáid clárú agus tuairisceáin a chur isteach.
- Ní mheastar faoin Acht gur gníomhaíocht brústocaireachta atá i ngach cineál cumarsáide.
- Ní i suíomh foirmiúil a dhéantar gach cineál brústocaireachta. D'fhéadfadh go n-úsáidfí comhráite neamhfhoirmiúla, timpeallachtaí sóisialta agus na meáin shóisialta fiú chun brústocaireacht a dhéanamh ort.
- Is díolmhaithe atá cumarsáidí idir tú féin (i do cháil mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe) agus Oifigigh Phoiblí Ainmnithe eile nó seirbhísigh phoiblí eile.
- Is díolmhaithe atá tascfhórsaí agus grúpaí oibre áirithe, fiú má chloíonn siad leis an gCód Trédhearcachta.
- Beidh ainm na nOifigeach Poiblí Ainmnithe le feiceáil ar an gClár mar thoradh ar chumarsáid brústocaireachta. Ní thugann sé sin le tuiscint go bhfuiltear ag comhaontú nó ag glacadh le tuairimí an duine atá ag déanamh brústocaireacht ort.
- Tá an ceart agat chun a iarraidh go gceartófar aon fhaisnéis mhíchruinn a bhaineann leat.

## b) Dea-Chleachtais d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe

- Cuir ceanglais an Achta, an Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus na treoirlínte seo d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe san áireamh agus tú ag bualadh le brústocairí.
- Déan cinneadh ar cé acu ba cheart nó nár cheart do ghrúpaí oibre a nglacann tú páirt iontu oibriú faoin gCód Trédhearcachta
- Cuir tú féin in aithne mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe ag cruinnithe agus ar ríomhphoist, ar chártaí gnó, etc.
- Coinnigh dea-ghnásanna coimeád taifead
- Seiceáil an Clár ó am go chéile agus iarr go gceartófar aon fhaisnéis mhíchruinn a bhaineann leat ar an gClár.
- Treoraigh na daoine atá ag déanamh brústocaireacht ort chuig www.lobbying.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise faoina gcuid oibleagáidí
- Lean ar aghaidh ag dul i dteagmháil le brústocairí

## 13) Tuilleadh Faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise faoin Acht ar fáil ag www.lobbying.ie.

Soláthraíonn an Coimisiún seisiúin faisnéise ar cheanglais an Achta ar bhonn rialta. Aon chomhlacht poiblí nó aon Oifigeach Poiblí Ainmnithe ar mian leis/léi freastal ar sheisiún faisnéise ar an Acht, is féidir leis/léi spéis a chlárú ach ríomhphost a chur chuig info@lobbying.ie

Arna hAthbhreithniú i mí Feabhra 2019